# An Ghaeilge & an óige ó thuaidh

Meánleibhéal 2 (B2)

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Aire Oideachais atá ar cuairt ar ionad óige Gaeilge i mBéal Feirste. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna le chéile.

1. Is é Paul Givan an tAire Oideachais sa Tuaisceart faoi láthair. Is ó pháirtí polaitíochta an DUP é. Cad atá ar eolas agat faoin bpáirtí sin? Tá tuilleadh eolais faoin bpáirtí anseo.
2. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach, dar leat, gur thug an tAire cuairt ar ionad óige Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste?
3. Cuireann an t-ionad óige, Glór na Móna, an Ghaeilge chun cinn sa phobal. An bhfuil aon chumann nó aon chlub nó aon ionad a dhéanann é sin i do cheantar féin?
4. Tá líon na ndaoine sa Tuaisceart a bhfuil Gaeilge acu ag méadú, bliain i ndiaidh bliana. Cén fáth, dar leat?
5. Cén chanúint atá ag cainteoirí Gaeilge ó Bhéal Feirste? Cén chanúint atá agat féin? Cén chanúint is mó a thaitníonn leat?



# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *promised* | |
| b) *review* | |
| c) *in memory of* | |
| d) *activist* | |
| e) *delegation* | |
| f) *regional forum* | |
| g) *leadership* | |
| h) *teaching resources* | |
| i) *sector* | |
| j) *representation* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin? ____________________________________________

3. Cén Ghaeilge atá agat ar na suímh seo thíos?

| | |
|---|---|
| *the north* | |
| *the south* | |
| *the west* | |
| *the east* | |

4. Conas a déarfá *quick* as Gaeilge? ______________________________

# C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

| |
|---|
| ✓ Cúlra agus post Paul Givan: |
| ✓ An gealltanas a thug Paul Givan: |
| ✓ Ionad Mhic Goill: |
| ✓ Fóram na nÓg: |
| ✓ Glór na Móna: |
| ✓ Gaeilge an Aire: |




2. Dún do chuid nótaí ar fad agus tabhair achoimre ó bhéal ar ábhar na míre don duine in aice leat. Ná féach ar aon nótaí!

# D: FEASACHT TEANGA

## Cruinneas gramadaí (na briathra mírialta san aimsir chaite)

a) Líon na bearnaí sna habairtí thíos ón script leis an leagan ceart den bhriathar san aimsir chaite:

- ___________ (tabhair) Paul Givan gealltanas agus é ar cuairt.
- Gníomhaí Gaeilge sa cheantar a ___________ (déan) obair mhór sna seascaidí.
- ___________ (faigh) an tAire cuireadh dul ann bliain ó shin.
- Tá na daoine óga iontach sásta go bh___________ (feic) an tAire a gcuid oibre.
- Seo an chéad uair a ___________ (tar) aire ar cuairt chuig Fóram na nÓg.
- ___________ (bí) deis againn plé a dhéanamh ar an earnáil Ghaeilge.

b) Féach ar na briathra mírialta thíos. Líon an tábla leis an bhfoirm cheisteach san aimsir chaite de gach briathar agus leis na freagraí dearfacha agus diúltacha. Lean na samplaí:

| **Fréamh an bhriathair** | **An fhoirm cheisteach** | **An freagra dearfach** | **An freagra diúltach** |
|---|---|---|---|
| Abair | An ndúirt …? | Dúirt. | Ní dúirt. |
| Beir | Ar rug …? | Rug. | Níor rug. |
| Bí | | | |
| Clois | | | |
| Déan | | | |
| Faigh | | | |
| Feic | | | |
| Ith | | | |
| Tabhair | | | |
| Tar | | | |
| Téigh | | | |

c) Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí ceisteanna ar a chéile faoin méid a rinne sibh an samhradh seo caite. Caithfidh sibh gach ceann de na briathra neamhrialta thuas a úsáid.

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na tascanna seo:

a) Pléigí na ceisteanna thíos le chéile:

- ✓ An gceapann tú gur ócáid stairiúil é an tAire Givan ag tabhairt cuairt ar an ionad óige, Glór na Móna? Cén fáth?
- ✓ Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an nGaeilge a chur chun cinn i measc na n-óg sa Tuaisceart, dar leat?
- ✓ Conas a chuaigh an t-ionad seo i bhfeidhm ar an bpobal cheana féin, dar leat?

b) Samhlaígí go bhfuil sibh i gceannas ar Ghlór na Móna agus **go bhfuair** sibh infheistíocht mhór ón rialtas anuraidh chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa phobal. Cad a rinne sibh leis an airgead? Pléigí na rudaí ar fad a d'eagraigh sibh nó a chuir sibh ar bun chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Ná déanaigí dearmad na briathra faoi D: Feasacht Teanga a úsáid agus sibh ag caint.



## 2: Scríobh

Scríobh litir ghearr chuig an Aire chun buíochas a ghabháil leis as infheistiú a dhéanamh san ionad. Liostaigh cuid de na rudaí a chuir sibh i gcrích le bliain anuas.

| |
|---|
| A Aire Uasail, |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| Is mise le meas, |

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Tá sé geallta ag Aire Oideachais Stormont, Paul Givan ón DUP, go gcuirfear eagraíochtaí Gaeilge san áireamh san athbhreithniú atá ar bun ar sholáthar seirbhísí don óige ó thuaidh. Thug Paul Givan an gheallúint[1] agus é ar a chéad chuairt riamh ar Ionad Óige Ghlór na Móna in Iarthar Bhéal Feirste.

**Ailbhe Ó Monacháin**
Ag siúl isteach den chéad uair riamh in ionad óige Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste – Ionad Mhic Goill ar Bhóthar na Carraige Báine atá ainmnithe i gcuimhne ar Sheán Mac Goill – gníomhaí Gaeilge sa cheantar a rinne obair mhór sna seascaidí ar son na teanga. Fuair an tAire Givan cuireadh a theacht anseo nuair a chas sé le toscaireacht ón ionad ag cruinniú in Stormont i mí Dheireadh Fómhair.

**Paul Givan, DUP, Aire Oideachais Thuaisceart Éireann**
*They are engaged in Irish medium at school and then outside of those settings there's a lack of opportunity to engage – particularly around youth work – and this organisation is involved in trying to support young people in youth work and we are currently looking at a review of youth service provision.*

**Ailbhe Ó Monacháin**
Fóram réigiúnach atá i bhFóram na nÓg agus tá 36 grúpa faoina scáth, Glór na Móna anseo ina measc. Cuireann siad ceannaireacht, comhairle agus acmhainní foghlamtha ar fáil do dhaoine óga agus iad iontach sásta inniu go bhfaca an tAire Givan a gcuid oibre.

**Conchúr Mac Siacais, Oifigeach Oideachais, Fóram na nÓg**
*So*, is rud dearfach go raibh an tAire anseo inniu, *I suppose,* seo cúpla uair a tháinig airí amach thar na blianta. Seo an chéad uair a tháinig aire ar cuairt chuig Fóram na nÓg. Is eagraíocht réigiúnach muid a bhíonn, cineál, ag stiúradh obair óige thar an earnáil ar fad. *So*, agus é ag bualadh linn, tá muid ag déanamh, *I suppose*, ionadaíocht ar son 36 grúpa.

**Ciarnán Ó Cearbhaill, Dalta, Coláiste Feirste**
Shíl mé go raibh sé go breá. Bhí seans maith againn chun plé a dhéanamh ar an earnáil Gaeilge sna Sé Chontae agus chun *just* a thaispeáint dó an tábhacht atá leis an éisteacht san earnáil sna Sé Chontae.

**Ailbhe Ó Monacháin**
Agus is léir óna chuairt inniu gur foghlaimeoir gasta Gaeilge atá san Aire as Lios na gCearrbhach.

**Paul Givan, DUP, Aire Oideachais Thuaisceart Éireann**
Ba mhaith liom *Americano*, le do thoil.
(Maith thú!)

**Ailbhe Ó Monacháin**
Blas maith a bhíonn ar chaife Gaelach.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i mBéal Feirste.

---

[1] geallúint = leagan canúnach de 'gealltanas'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna ar dtús, sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang iomlán.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| a) *promised* | *geallta* |
| b) *review* | *athbhreithniú* |
| c) *in memory of* | *i gcuimhne ar* |
| d) *activist* | *gníomhaí* |
| e) *delegation* | *toscaireacht* |
| f) *regional forum* | *fóram réigiúnach* |
| g) *leadership* | *ceannaireacht* |
| h) *teaching resources* | *acmhainní foghlama* |
| i) *sector* | *earnáil* |
| j) *representation* | *ionadaíocht* |

2. Déan plé ar na focail a bhí acu féin. B’fhéidir go raibh leagan eile acu de na focail.
3. Cén Ghaeilge atá agat ar na suímh seo:

| | |
|---|---|
| *the north* | an tuaisceart |
| *the south* | an deisceart |
| *the west* | an t-iarthar |
| *the east* | an t-oirthear |

4. Tapa, gasta, mear, sciobtha.

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### Cruinneas gramadaí (na briathra mírialta san aimsir chaite)

a) Freagraí:

- **Thug** Paul Givan gealltanas agus é ar cuairt.
- Gníomhaí Gaeilge sa cheantar a **rinne** obair mhór sna seascaidí.
- **Fuair** an tAire cuireadh dul ann bliain ó shin.
- Tá na daoine óga iontach sásta go bh**faca** an tAire a gcuid oibre.
- Seo an chéad uair a **tháinig** aire ar cuairt chuig Fóram na nÓg.
- **Bhí** deis againn plé a dhéanamh ar an earnáil Ghaeilge.

b) Freagraí:

| Fréamh an bhriathair | An fhoirm cheisteach | An freagra dearfach | An freagra diúltach |
|---|---|---|---|
| Abair | An ndúirt …? | Dúirt. | Ní dúirt. |
| Beir | Ar rug …? | Rug. | Níor rug. |
| Bí | An raibh …? | Bhí. | Ní raibh. |
| Clois | Ar chuala …? | Chuala. | Níor chuala. |
| Déan | An ndearna …? | Rinne. | Ní dhearna. |
| Faigh | An bhfuair …? | Fuair. | Ní bhfuair. |
| Feic | An bhfaca …? | Chonaic. | Ní fhaca. |
| Ith | Ar ith …? | D'ith. | Níor ith. |
| Tabhair | Ar thug …? | Thug. | Níor thug. |
| Tar | Ar tháinig …? | Tháinig. | Níor tháinig. |
| Téigh | An ndeachaigh …? | Chuaigh. | Ní dheachaigh. |

c) Tabhair deis dóibh ceisteanna a chur ar a chéile ag úsáid na mbriathra neamhrialta san aimsir chaite.

## E. CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis do na beirteanna na ceisteanna a phlé ar dtús. Iarr orthu ansin ligean orthu féin go bhfuair siad a lán airgid ón rialtas chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa cheantar. Caithfidh siad plé a dhéanamh ar na rudaí ar fad a chuir siad i gcrích le bliain anuas – ag úsáid na mbriathra ó **D**.

### 2: Scríobh

Iarr orthu litir ghearr a scríobh chuig an aire ag gabháil buíochas as an tacaíocht agus as an airgead a fuair siad ón rialtas.